

## Fiosrúcháin maidir le Feidhmeannas na Seirbhíse Sláinte (IN-19-9-1 & IN-19-9-2)

### Dátaí na gCinntí: 18 Lúnasa 2020 & 29 Meán Fómhair 2020

Chuir an DPC tús le fiosrúchán IN-19-9-1 maidir le sárú sonraí pearsanta amháin a chuir an FSS in iúl don DPC. Tharla an sárú sonraí pearsanta nuair a diúscaíodh cáipéisí ina raibh sonraí pearsanta 78 duine, lena n-áirítear sonraí pearsanta de chatagóir speisialta maidir le 6 cinn de na hábhair sonraí sin, in ionad athchúrsála poiblí. Cruthaíodh an liosta in Ospidéal Máithreachais Ollscoil Chorcaí, ach d'aimsigh ball den phobal é i limistéar athchúrsála poiblí i gContae Chorcaí.

- Chinn an cinneadh gur sháraigh an FSS Airteagail 5 (1) (f) agus 32 (1) den GDPR trí mhainneachtain bearta teicniúla agus eagrúcháin iomchuí a chur i bhfeidhm chun leibhéal slándála a chinntiú a bheadh oiriúnach don riosca a bhaineann le cruachóipeanna doiciméid, ina bhfuil sonraí pearsanta na n-othar, a úsáid agus a dhiúscairt.

Chuir an DPC tús le Fiosrúchán IN-19-9-2 maidir le sárú sonraí pearsanta a chuir an FSS in iúl don DPC an 1 Bealtaine 2019. Tharla an sárú sonraí pearsanta nuair a d'aimsigh ball den phobal cáipéisíocht ina raibh sonraí pearsanta 15 ábhar sonraí, lena n-áirítear sonraí a bhaineann le faisnéis chliniciúil agus cóireálacha a fuair eadar. Cruthaíodh na cáipéisí in Ospidéal Mhuire Lourdes, ach fuair ball den phobal iad ina ghairdín tosaigh.

- Chinn an cinneadh gur sháraigh an FSS Airteagail 5 (1) (f) agus 32 (1) den GDPR trí mhainneachtain bearta teicniúla agus eagrúcháin iomchuí a chur i bhfeidhm chun leibhéal slándála a chinntiú a bheadh oiriúnach don riosca a bhaineann le cruachóipeanna doiciméid, ina bhfuil sonraí pearsanta na n-othar, a úsáid agus a dhiúscairt.

### Na cumhachtaí ceartaitheacha a fheidhmíodh

- Chuir Cinneadh IN-19-9-1 fíneáil riaracháin de €65,000 ar an FSS mar gheall ar an sárú a bhí déanta acu ar Airteagail 5 (1) (f) agus 32 (1) den GDPR.
- D'ordaigh Cinneadh IN-19-9-1 don FSS a chuid oibríochtaí próiseála, maidir le húsáid agus diúscairt doiciméad cruachóipe ina bhfuil sonraí pearsanta othar, a chur i gcomhréir le comhlíonadh Airteagail 5 (1) (f) agus 32 (1) den GDPR.
- D'eisigh Cinneadh IN-19-9-1 iomardú don FSS maidir lena sáruithe ar Airteagal 5 (1)

## Cinntí déanta faoin Acht um Chosaint Sonraí 2018 ag feidhmiú cumhachtaí ceartaitheacha

(f) agus 32 (1) den GDPR

- Níor fheidhmigh Cinneadh IN-19-9-2 cumhachtaí ceartaitheacha breise i bhfianaise an chaoi ar thug cinneadh IN-19-9-1 aghaidh ar chúinsí na sáruithe céanna agus a sainathníodh ina dhiaidh sin freisin i gcinneadh IN-19-9-1. Baineann an dá chinneadh leis na hoibríochtaí próiseála céanna, a rinne an rialaitheoir céanna, agus baineann siad leis an tréimhse ama chéanna.